Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Úsáid Laethanta Laghdaithe Scoile

## Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí

Arna ullmhú ag an Roinn Oideachais

Leagan an 1 Eanáir 2022

# 1. Réamhrá

D’eisigh an Roinn Oideachais treoirlínte chuig gach scoil i dtaca le daltaí a cuireadh ar laethanta laghdaithe scoile.

Tá sé mar chuspóir leis an doiciméad seo faisnéis a thabhairt duit faoin bpróiseas a bheidh i gceist má mholann an scoil do leanbh a chur ar lá laghdaithe scoile. Níor cheart do scoileanna daltaí a chur ar laethanta laghdaithe scoile ach amháin in imthosca eisceachtúla. Mar shampla, más rud é go bhfuil do leanbh as láthair ón scoil le tréimhse fhada anuas de bharr riocht leighis nó riocht meabhairshláinte, is féidir go gcinnfidh tusa agus an scoil gurbh é freastal ar an scoil ar feadh lá níos giorra an bealach is fearr le tacú le filleadh an linbh ar an scoil. Is féidir go mbeidh imthosca eile ann ina measfar lá laghdaithe scoile a bheith riachtanach. Is é an rud is tábhachtaí, áfach, gur cuireadh in iúl do scoileanna nár cheart laethanta laghdaithe scoile a úsáid ach amháin ar feadh na tréimhse a theastaíonn chun a chinntiú go bhfillfidh do leanbh ar an scoil ar bhonn lánaimseartha.

Tugtar tuilleadh faisnéise sa doiciméad treorach a eisíodh chuig scoileanna, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ga-usaid-laghdaithe-laethanta-scoile/

Tiocfaidh na treoirlínte in éifeacht an 1 Eanáir 2022.

# 2. An sainmhíniú ar ‘Laethanta Laghdaithe Scoile’

Sainmhínítear ‘Laethanta Laghdaithe Scoile’ mar a leanas:

- lá laghdaithe ar an scoil i gcás, trí shocrú le húdaráis na scoile, go dtiocfaidh dalta chun na scoile tar éis an ghnáth-ama tosaithe nó go bhfágfaidh sé/sí roimh dheireadh an lae scoile, agus/nó
- seachtain laghdaithe i gcás, trí shocrú le húdaráis na scoile, nach bhfreastalóidh dalta ar an scoil cúig lá iomlána gach seachtain.

Is go príomha le freastal ar an scoil ar feadh fhad iomlán an lae scoile a bhaineann an córas fógraí maidir le laethanta laghdaithe scoile, agus níl feidhm ag an gcóras maidir le cásanna ina bhfuil socruithe comhaontaithe i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil do dhaltaí nach bhfuil ag freastal ar an scoil le haghaidh ábhair áirithe.

# 3. Toiliú tuismitheoirí agus caomhnóirí

Tá an ceart ag do leanbh chun lá iomlán ar scoil.

Aithnítear gur féidir go mbeidh lá laghdaithe scoile ina chabhair do do leanbh i gcásanna speisialta mar chuid de thréimhse aistrithe nó chun freastal ar a c(h)uid foghlama ar bhonn a

riachtanas. Ag obair di i gcomhairle leatsa agus le gairmithe ábhartha, is féidir go n-aithneoidh an scoil gur féidir go mbeidh lá laghdaithe scoile ina chabhair do do leanbh mar bheart gearrthéarmach, le linn obair i dtreo a f(h)illidh iomláin ar an scoil ag an am céanna. Níor cheart lá laghdaithe scoile a úsáid ach amháin ar feadh na tréimhse a theastaíonn chun cabhrú le do leanbh filleadh ar an scoil ar bhonn lánaimseartha.

Má tá an scoil ag breithniú lá laghdaithe scoile a úsáid le haghaidh do linbh, caithfidh an scoil a mhíniú duit cén fáth a bhfuil lá laghdaithe scoile á mholadh, agus caithfidh sí do chead i scríbhinn a iarraidh. Má tá an dalta os cionn 18 mbliana d'aois, féadfaidh an dalta toiliú a thabhairt.

Ní gá duit comhaontú ná toiliú le húsáid an lae laghdaithe scoile.

Más rud é go gcomhaontaíonn tú nó go dtoilíonn tú le lá laghdaithe scoile a bheith á úsáid ag an scoil, féadfaidh tú d'intinn a athrú agus do thoiliú a tharraingt siar am ar bith.

Beidh Oifigigh Leasa Oideachais Tusla ar fáil chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt duit maidir le freastal do linbh ar an scoil.

Agus an fhoirm lena dtugtar do thoiliú le Lá Laghdaithe Scoile do do leanbh á comhlánú agat, cuirfidh an scoil ceist ort faoi chúlra eitneach nó cultúrtha do linbh.

Beidh sé fútsa a chinneadh cé acu a thabharfaidh tú freagra ar an gceist sin nó nach dtabharfaidh. Iarrfaidh scoil do linbh toiliú i scríbhinn leis an bhfaisnéis sin a bhailiú má chinneann tú freagra a thabhairt ar an gceist, agus tugtar cead don scoil leis sin an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Tusla agus chuig an Roinn.

Is é alt 28 den Acht Oideachais (Leas), 2000, an bunús dlí leis na sonraí a bheith á bpróiseáil ag Tusla.

## 4. Plean na Scoile le haghaidh idirghabháil an Lae Laghdaithe Scoile

Roimh lá laghdaithe scoile a bhreithniú le haghaidh dalta, ní mór teagmháil a bheith déanta ag an scoil leatsa, leis na seirbhísí tacaíochta ábhartha agus leis na gairmithe ábhartha agus ní mór Plean Tacaíochta Dalta a bheith forbartha, curtha chun feidhme agus athbhreithnithe aici thar thréimhse ama chuí.

Más rud é, tar éis na tréimhse sin, go molann an scoil go dteastódh lá laghdaithe scoile chun tacú le do leanbh, ní mór don scoil cúis shoiléir fhianaisebhunaithe a bheith aici leis an rogha sin agus ba cheart di na cúiseanna sin a mhíniú duit go soiléir.

Tar éis di dul i gcomhairle leat, cuirfidh an scoil in iúl do Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla tráth nach déanaí ná an chéad lá atá an lá laghdaithe scoile le tosú go bhfuil sé beartaithe aici do leanbh a chur ar lá laghdaithe scoile. Cuirfidh sé sin ar chumas Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla tacú leatsa agus le do leanbh agus teagmháil bhreise a dhéanamh leis an scoil. Déanfaidh Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla teagmháil leat chun gníomh leantach a dhéanamh, chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna atá agat maidir le do chearta féin agus le cearta do linbh agus chun tacaíocht agus comhairle a thairiscint.

I gcás go gcuirfear lá laghdaithe scoile i bhfeidhm, ní mór don scoil plean a chomhaontú leat (nó leis an dalta i gcás go bhfuil sé/sí os cionn 18 mbliana d'aois) le haghaidh na tréimhse a mbeidh an lá laghdaithe scoile i bhfeidhm lena linn. Áireofar na nithe seo leis an idirghabháil sin agus leis an bplean um fhilleadh ar an scoil do do leanbh: dáta tosaithe, dáta athbhreithnithe agus dáta críochnaithe; aon tacaí nó idirghabhálacha oideachais atá le soláthar do do leanbh le linn thréimhse an lae laghdaithe scoile; agus na gníomhartha a theastaíonn chun tacú le filleadh do linbh ar lá lánaimseartha ar an scoil. Leagfar amach san fhoirm sin freisin ainm an bhaill foirne a ghníomhóidh mar theagmhálaí a bhféadfaidh tú (nó do mhac/d'iníon má tá sé/sí os cionn 18 mbliana d'aois) cumarsáid a dhéanamh leis/léi agus, nuair is cuí, leagfar amach inti plean le haghaidh na tréimhse nach mbeidh do leanbh ag freastal ar an scoil lena linn.

Ba cheart an plean sin um fhilleadh ar an scoil a phlé leat (agus leis an dalta nuair is cuí). Ba cheart duit (agus don dalta nuair is cuí) cóip den phlean comhaontaithe a fháil freisin.

Leagtar amach sna treoirlínte do scoileanna gurb amhlaidh, i gcásanna ina bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag dalta, go moltar do scoileanna fógra a thabhairt d'Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais áitiúil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoin gcinneadh do leanbh a chur ar lá laghdaithe scoile. Is féidir le scoileanna atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhorbairt ghairmiúil maidir le saincheist shonrach oideachais speisialta ina scoil teagmháil a dhéanamh lena bhFoireann Réigiúnach áitiúil de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun cur le hacmhainn a scoile chun tacú le daltaí a dteastaíonn laethanta laghdaithe scoile uathu.

De bhreis ar chabhrú le scoileanna tacaíocht a thabhairt do dhaltaí aonair, tairgeann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais clár tacaíochta agus forbartha chun acmhainn a fhorbairt i scoileanna.

Ag obair di i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí, le múinteoirí agus le gairmithe ábhartha, is féidir go dtacóidh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le plean le haghaidh leanaí atá as láthair ón scoil de bharr fóibe scoile, imní scartha nó imthosca eisceachtúla eile a thabhairt ar ais chun na scoile de réir a chéile.

## 5. Fad idirghabháil an Lae Laghdaithe Scoile

Más féidir, ba cheart an tréimhse a bhfuil do leanbh ar Lá Laghdaithe Scoile lena linn a bheith chomh gearr agus is féidir agus níor cheart í a bheith níos faide ná sé seachtaine scoile.

Ní fhéadfar Lá Laghdaithe Scoile a thabhairt ar aghaidh ó scoilbhliain amháin chuig an gcéad scoilbhliain eile.

Ní mór don scoil eolas a thabhairt duit faoin dáta ar a mbeidh do leanbh in ann filleadh ar an scoil le haghaidh an lae iomláin scoile.

Má tá do leanbh ar lá laghdaithe scoile fós i bhfoisceacht theorainn thréimhse ama an phlean, ní mór don scoil athbhreithniú a shocrú leatsa agus le do leanbh.

Níor cheart an tréimhse ama le haghaidh an Lae Laghdaithe Scoile a fhadú ach amháin in imthosca eisceachtúla. Ní mór don scoil do thoiliú i scríbhinn a iarraidh le haon fhadú leis an bplean. Má tá do leanbh os cionn 18 mbliana d'aois, féadfaidh an scoil iarraidh air/uirthi comhaontú leis an bhfadú.

Ní gá duit comhaontú le toiliú ná é a thabhairt agus tá tú saor in aisce do thoiliú a tharraingt siar am ar bith.

Má chomhaontaíonn tú le tréimhse an Lae Laghdaithe Scoile a fhadú, caithfidh an scoil foirm fógra nua ina dtabharfar mionsonraí faoi dháta nua fhilleadh do linbh ar an scoil a chur faoi bhráid Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla.

Moltar duit cóip a choinneáil d'aon fhoirmeacha a thugann an scoil duit toisc go gcabhróidh sé sin leat má theastaíonn uait tagairt a dhéanamh dóibh ina dhiaidh sin.

## 6. I gcás nach dtoileoidh Tuismitheoirí nó Caomhnóirí nó Daltaí os cionn 18 mbliana d'aois le lá laghdaithe scoile a úsáid

Ní gá duit comhaontú ná toiliú le do leanbh a bheith á c(h)ur ar lá laghdaithe agus féadfaidh tú d'intinn a athrú agus do thoiliú le lá laghdaithe scoile a bheith á úsáid a tharraingt siar am ar bith.

Más rud é gur thug tú toiliú le lá laghdaithe agus gur athraigh tú d'intinn ón uair sin i leith, caithfidh tú an méid sin a chur in iúl don scoil i scríbhinn. Beidh ort foirm a shíniú á rá gur athraigh tú d'intinn agus nach gcomhaontaíonn tú a thuilleadh leis an lá laghdaithe scoile.

Is féidir go mbeidh fonn ort leas a bhaint as an sampla de litir chuig an scoil atá ar fáil ag deireadh an doiciméid seo (Aguisín A). Is féidir leat comhairle a iarraidh ó oifigeach leasa oideachais Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla má bhíonn aon cheisteanna agat faoi thoiliú le rochtain a bheith ag do leanbh ar lá laghdaithe scoile a tharraingt siar.

Más rud é nár chomhaontaigh tú le toiliú nó gur tharraing tú toiliú siar agus go leanann an scoil le lá laghdaithe scoile a chur i bhfeidhm, is ionann é sin go bunúsach agus fionraí agus, i gcomhréir le Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna (2008) ó Tusla (https://www.tusla.ie/uploads/content/guidelines_school_codes_gae.pdf), beidh feidhm ag na nósanna imeachta ábhartha i dtaca le fionraí.

Tá "Cód Iompair" ag gach scoil agus ceanglaítear ar scoileanna faoi alt 23(2) den Acht Oideachais (Leas), 2000, a nósanna imeachta i dtaca le fionraí agus le díbirt a chur ar áireamh sa Chód Iompair uathu. Ba cheart na nósanna atá le leanúint sula bhféadfar dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt óna scoil a leagan amach sa Chód sin. Is féidir leat iarraidh ar an scoil cóip de Chód Iompair na scoile a thabhairt duit.

Le halt 29 den Acht Oideachais, 1998, tairgtear achomharc i gcás go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta, nó duine atá ag gníomhú thar ceann an Bhoird Bainistíochta (Príomhoide na Scoile, mar shampla), dalta a chur ar fionraí ar feadh tréimhse/tréimhsí nach lú san iomlán ná 20 lá i scoilbhliain.

Chun an t-achomharc a dhéanamh, ní mór duit Foirm Achomharc Alt 29 a chomhlánú. Tá an fhoirm agus an fhaisnéis maidir le fionraí agus le díbirt ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ad2c4-achomhairc-maidir-le-dibirt-no-fionrai-do-threimhse-no-treimhsi-nach-lu-na-20-la-scoile-i-scoilbhliain/

Is féidir le hOifigigh Leasa Oideachais Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla comhairle agus tacaíocht a thabhairt duit maidir le freastal do linbh ar an scoil agus le próiseas achomhairc alt 29.

# 7. An Ról atá ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla

Cuireann Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla freastal ar an scoil, rannpháirtíocht sa scoil agus coinneáil daltaí i scoileanna chun cinn. Oibríonn Oifigigh Leasa Oideachais Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla le tuismitheoirí, le daltaí, le scoileanna agus le gníomhaireachtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní lena gcuirtear cosc ar do leanbh freastal ar an scoil go hiomlán.

Ní mór do scoileanna fógra a thabhairt do Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla i gcás go mbeidh leanbh á c(h)ur ar lá Laghdaithe Scoile. Is féidir le Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla tacaíocht agus treoir a thabhairt duitse agus don scoil maidir le laethanta Laghdaithe Scoile a úsáid. Tá sonraí teagmhála le haghaidh Oifigigh Leasa Oideachais ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/

## Aguisín A

**Fógra faoi thoiliú le Lá Laghdaithe Scoile a tharraingt siar**

Chuig:{cuir isteach Ainm Phríomhoide na Scoile} ________________

Ainm na Scoile:____________________________________________

Seoladh na Scoile:__________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

Ainm an Dalta: ________________________________________________

Ainm an Tuismitheora/na dTuismitheoirí/an Chaomhnóra/na gCaomhnóirí:
____________________________________________________________

Is mian liom mo thoiliú le Lá Laghdaithe Scoile a tharraingt siar le héifeacht ón [cuir isteach an dáta sa todhchaí ar mian leat go dtiocfaidh an lá laghdaithe scoile chun deiridh air]:
____________________________________________________________

Síniú an Tuismitheora/na dTuismitheoirí/an Chaomhnóra/na gCaomhnóirí:
____________________________________________________________

Dáta: ______________________